An Rialálaí Carthanas

Charities Regulator

Tiomnachtaí Carthanúla

Léargas ar thiomnachtaí carthanúla sa bhliain 2021

Faoi alt 52 den Acht Carthanas 2009, ceanglaítear ar gach carthanas cláraithe tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid an Rialálaí Carthanas laistigh de 10 mí ó dheireadh a mbliana airgeadais faoi seach. Is le bliain airgeadais roimhe an charthanais a bhaineann na Tuarascálacha Bliantúla a chuirtear faoi bhráid an Rialálaí Carthanas, agus áirítear leo faisnéis faoi ioncam, faoi chaiteachas agus faoi ghníomhaíochtaí carthanúla. Ar mhaithe le léargas níos fearr a ghnóthú ar an méid ioncaim carthanais a ghintear ó thiomnachtaí carthanúla (nó leagáidí), ceanglaíodh ar charthanais, den chéad uair riamh, an méid ioncaim a gineadh ó thiomnachtaí a shonrú ina dtuarascáil bhliantúil don bhliain 2021.

Fuarthas na sonraí atá sa tuarascáil seo ó 6,007 dtuarascáil bhliantúla don bhliain 2021 ar chomhdaigh carthanais chláraithe (gan scoileanna a áireamh) iad suas go dtí an 28 Feabhra 2023. Thuairiscigh 411 charthanas (nó 6.8% de charthanais) a chomhdaigh tuarascáil bhliantúil don bhliain 2021 ioncam dar luach iomlán €94,718,350 ó thiomnachtaí.

Nótaí:

- Cé go raibh siad dlite thar téarma, níor chomhdaigh 22% de charthanais chláraithe (1,700 ceann) aon tuarascáil bhliantúil don bhliain 2021 tráth a asbhaineadh na sonraí lena n-anailísiú. Dá bhrí sin, is dóigh gurb airde i bhfad an t-ioncam iomlán ó thiomnachtaí san earnáil, agus na figiúirí i gcoitinne, ná iad sin atá leagtha amach sa tuarascáil seo.
- Ní cheanglaítear ar charthanais aon mhiondealú a thabhairt ar thiomnachtaí aonair ina dtuarascáil bhliantúil. Dá bhrí sin, is ionann na méideanna atá tuairiscithe anseo agus comhiomlán na dtiomnachtaí uile a fuair carthanais chláraithe (gan scoileanna a áireamh) a chomhdaigh tuarascáil bhliantúil don bhliain 2021.
- Tá an anailís seo bunaithe ar fhaisnéis a chuir carthanais chláraithe faoi bhráid an Rialálaí Carthanas ina dtuarascáil bhliantúil. Ós rud é nach bhfíoraíonn an Rialálaí tuarascálacha bliantúla go rialta, is féidir go mbeidh earráidí ann san fhaisnéis a chuireann carthanais aonair isteach, ar nithe iad a théann i bhfeidhm ar na sonraí ina n-iomláine. Mar sin féin, grinnscrúdaítear tuarascálacha bliantúla agus ráitis airgeadais ar bhonn cás ar chás, de réir mar is gá, mar chuid de phróiseas ábhar imní agus fiosrúchán an Rialálaí.

Toisc gurb é seo an chéad uair riamh atá faisnéis faoi ioncam ó thiomnachtaí ar fáil sna tuarascálacha bliantúla ó charthanais chláraithe, ní féidir na figiúirí seo a chur i gcomparáid le figiúirí do bhlianta roimhe. Mar sin féin, tugtar i dtuarascáil dar teideal **'Léargas ar Leagáidí - Éire: Forbhreathnú 2015 - 2021'**, ar fhoilsigh Campaign Solutions le déanaí í, forbhreathnú úsáideach ar thabhairt leagáidí in Éirinn bunaithe ar a chuid taighde sa réimse sin.

Fíor 1: Ioncam ó thabhartais agus ó thiomnachtaí



- Ioncam ó thiomnachtaí
- Ioncam iomlán ó thabhartais (tiomnachtaí agus tabhartais dhaonchairdiúla san áireamh)

(x) An líon carthanas

Ⓟ An céatadán d'ioncam iomlán ó thabhartais

Foinse: Tuarascálacha bliantúla a cuireadh faoi bhráid an Rialálaí Carthanas don bhliain 2021

Fíor 2: Foinsí ioncaim mar chéatadán do charthanais a fuair tiomnachtaí



* leis an bhfoirm tuarascála bliantúla ar líne, ceanglaítear ar charthanais an t-ioncam iomlán a mhiondealú faoi na ceannteidil thuas. Nuair a roghnaítear 'foinsí eile', ní mór don charthanas an fhoinse/na foinsí sin a shonrú i mbosca saorthéacs. Áirítear le hioncam ó fhoinsí eile, mar shampla, ioncam infheistíochta, ús agus díbhinní, díol maoine, agus lacáistí/aisíocaíochtaí cánach nó CBL.

Tábla 1: Foinsí ioncaim i gcarthanais a fuair tiomnachtaí (411 charthanas)

Foinse ioncaim	Méid
Tabhartais	€553,736,874
Tiomnachtaí	€94,718,350
Roinn Rialtais/údarás áitiúil	€725,080,584
Comhlacht poiblí eile	€445,998,927
Gníomhaíochtaí tráchtála/trádála	€501,812,295
Eagraíocht dhaonchairdiúil	€66,666,676
Foinsí eile*	€473,667,996
IONCAM IOMLÁN	**€2,861,681,702**

* leis an bhfoirm tuarascála bliantúla ar líne, ceanglaítear ar charthanais an t-ioncam iomlán a mhiondealú faoi na ceannteidil thuas. Nuair a roghnaítear 'foinsí eile', ní mór don charthanas an fhoinse/na foinsí sin a shonrú i mbosca saorthéacs. Áirítear le hioncam ó fhoinsí eile, mar shampla, ioncam infheistíochta, ús agus díbhinní, díol maoine, agus lacáistí/aisíocaíochtaí cánach nó CBL.

I gcás na gcarthanas a fuair ioncam ó thiomnachtaí, thuairiscigh dhá thrian (66.6%) ioncam faoi bhun €100,000 agus thuairiscigh carthanas amháin as gach ceithre cinn ioncam faoi bhun €5,000. Thuairiscigh beagnach 6% (24 cinn) ioncam os cionn €1,000,000 ó thiomnachtaí, agus ioncam os cionn €5,000,000 á thuairisciú ag dhá charthanas.

B'ionann an méid iomlán is mó a thuairiscigh aon charthanas aonair agus €9,623,000. Thuairiscigh trí charthanas, a raibh ioncam comhcheangailte €99,859 acu, go raibh tiomnachtaí ar an aon fhoinse ioncaim amháin a bhí acu sa bhliain 2021.

Tábla 2: Ioncam ó thiomnachtaí mar a dhearbhaigh carthanais i dtuarascálacha bliantúla a comhdaíodh don bhliain 2021

Méid iomlán ioncaim ó thiomnachtaí	An líon carthanas	Ioncam iomlán ó thiomnachtaí	% de charthanais	Meánioncam in aghaidh an charthanais
€1 - €999	51	€17,310	12.4%	€339
€1,000 - €4,999	53	€114,751	12.9%	€2,165
€5,000 - €9,999	31	€199,031	7.5%	€6,420
€10,000 - €19,999	49	€651,938	11.9%	€13,305
€20,000 - €49,999	50	€1,549,926	12.2%	€30,999
€50,000 - €99,999	40	€2,652,311	9.7%	€66,308
€100,000 - €199,999	53	€7,164,364	12.9%	€135,177
€200,000 - €299,999	17	€4,133,735	4.1%	€243,161
€300,000 - €499,999	22	€8,291,470	5.4%	€376,885
€500,000 - €999,999	21	€15,039,389	5.1%	€716,161
€1,000,000 - €5,000,000	22	€39,298,125	5.4%	€1,786,278
>€5,000,000	2	€15,606,000	0.5%	€7,803,000
IOMLÁN	**411**	**€94,718,350**	-	-

Fíor 3: Ioncam ó thiomnachtaí de réir fhoirm dhlíthiúil an charthanais



Tábla 3: Ioncam ó thiomnachtaí de réir mhéid (ioncam iomlán) an charthanais

Ioncam iomlán (an líon carthanas)	Ioncam iomlán	Ioncam ó thiomnachtaí	% d'ioncam iomlán
<€25,000 (28)	€364,501	€84,052	23.1%
€25,000-€250,000 (117)	€12,783,606	€2,072,696	16.2%
€250,000-€1,000,000 (86)	€45,813,992	€6,489,173	14.2%
>€1,000,000 (180)	€2,802,719,603	€86,072,429	3.1%
IOMLÁN (411)	**€2,861,681,702**	**€94,718,350**	**3.3%**

Fíor 4: Ioncam ó thiomnachtaí de réir struchtúr an charthanais



Tábla 4: Ioncam ó thiomnachtaí de réir cuspóir carthanúil

Nótaí: Ní áirítear leis an tábla seo ach méideanna tiomnachta do charthanais a bhfuil cuspóir carthanúil aonair acu. Is carthanais a bhfuil níos mó ná cuspóir carthanúil amháin acu atá i 39.4% (nó 162 cheann) de na carthanais a thuairiscigh tiomnachtaí sa bhliain 2021. B'ionann an t-ioncam ó thiomnachtaí a thuairiscigh carthanais a bhfuil níos mó ná cuspóir amháin acu agus €40,943,670.

Ní cheanglaítear ar charthanais aon mhiondealú a thabhairt ar an úsáid atá le baint as tiomnacht, mar a shonraigh an duine a thug an tiomnacht. I gcás carthanais a chuireann creideamh ar aghaidh, mar shampla, tugtar tiomnachtaí dóibh chun Aifrinn a léamh, i measc nithe eile.

Cuspóir carthanúil	Ioncam ó thiomnachtaí a thuairiscigh carthanais a bhfuil cuspóir amháin acu	An líon carthanas	Meánioncam in aghaidh an charthanais
An bhochtaineacht nó cruatan eacnamaíoch a chosc nó a mhaolú	€7,893,023	24	€328,876
Oideachas a chur ar aghaidh	€9,904,369	19	€521,283
Creideamh a chur ar aghaidh	€16,026,033	113	€141,823
Leas an phobail a chur ar aghaidh, lena n-áirítear faoiseamh dóibh siúd atá i ngátar de dheasca a óige atá siad, a shine atá siad, drochshláinte, nó éagumais	€2,905,255	35	€83,007
Forbairt pobail a chur ar aghaidh, lena n-áirítear athbheochan tuaithe nó athbheochan uirbeach	€14,188	1	€14,188
Freagracht chathartha nó obair shaorálach a chur chun cinn	€21,859	3	€7,286
An tsláinte a chur chun cinn, lena n-áirítear breoiteacht, galair nó fulaingt daoine a chosc nó faoiseamh a thabhairt ar an gcéanna	€8,361,365	21	€398,160
Réiteach coinbhleachtaí nó an t-athmhuintearas a chur ar aghaidh	-	-	-
Síth idir creidimh agus ciní mar aon le caidreamh sítheach pobail a chur chun cinn	-	-	-
An timpeallacht nádúrtha a chosaint	€15,500	2	€7,750
Inchothaitheacht chomhshaoil a chur ar aghaidh	-	-	-
Úsáid éifeachtúil éifeachtach maoine eagraíochtaí carthanúla a chur ar aghaidh	-	-	-
Fulaingt ainmhithe a chosc nó faoiseamh a thabhairt ar an gcéanna	€8,179,837	20	€408,992
Na healaíona, an cultúr, an oidhreacht nó na heolaíochtaí a chur ar aghaidh	€116,464	5	€23,293
Iad siúd atá faoi mhíbhuntáiste a imeascadh, agus iad a spreagadh chun rannpháirtíocht iomlán a dhéanamh sa tsochaí	€336,787	6	€56,131
IOMLÁN	**€53,774,680**	**249**	**-**

Tuilleadh tuarascálacha

Tá sé ar intinn ag an Rialálaí Carthanas faisnéis nuashonraithe a chur ar fáil don earnáil go tráthrialta. Cuirfear feabhas ar thuilleadh tuarascálacha den chineál seo nuair a bheidh an **t-aicmiúchán carthanas** curtha chun feidhme ina iomláine. Tríd an aicmiúchán, tabharfar tuilleadh soiléire ar chomhdhéanamh na hearnála carthanas agus cumasófar anailís níos doimhne a dhéanamh ar ghrúpaí carthanas bunaithe ar a gcuid gníomhaíochtaí agus oibríochtaí ar leith. Mar aon le hanailís a éascú ar cé na cuspóirí carthanúla a fhaigheann na tiomnachtaí is mó, toradh eile a bheidh ar an aicmiúchán is ea go dtabharfar léargas níos fearr ar na cineálacha gníomhaíochtaí a mbítear ag tacú leo.

An Rialálaí Carthanas

Charities Regulator

Uimhir Thagartha an Doiciméid: Tiomnachtaí Carthanúla - Rev 000

An Rialálaí Carthanas
3 Duga Sheoirse
LSAI Baile Átha Cliath 1
D01 X5X0

Teileafón: 01 633 1500

www.charitiesregulator.ie

© An Rialálaí Carthanas 2023